Séideán Sí

# Cine Shiabhra

## Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

**Síle Ní Shéaghdha**

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN

# CLÁR


Sula léifidh tú an leabhar seo..... 3
An Tionól 4
An Comhrac 8
An Té a bhí Roghnaithe 10
Cé acu is sine? 15
Na Trí Bhreitheamh 19
Ar Tí Imeacht 22
An Dromchla 29
Seán Rua 34
Na Daoine 37
An Siogairlín 40
Na Deilfeanna 42
Turas Farraige 47
An Tír i gCéin 50
An Chathair Chaillte 51
An Eochair 53
An Scáthán Draíochta 55
Léirmheas Leabhair 58

# SULA LÉIFIDH TÚ AN LEABHAR SEO.....

## Fíricí

Teideal an leabhair: ____________________

Údar: ____________________

Foilsitheoir an leabhair: ____________________

An bhliain ar foilsíodh é an chéad uair: ____________________

Tarraing suaitheantas an fhoilsitheora agus déan cur síos air.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

Cé a mhaisigh an leabhar? ____________________

Scríobh cúpla abairt anseo faoin achoimre ar chúl an leabhair? ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

Cé mhéad caibidil atá sa leabhar? [ ]

Táim ag súil leis an gcaibidil dar teideal ____________________

a léamh mar ... ____________________

____________________

# AN TIONÓL

## Triail Tuisceana

1. Cá raibh baill Ardchomhairle Chine Shiabhra tagtha le chéile?

2. Cé mhéad bliain a mhaireadh daoine sa tír sin de ghnáth?

3. Cén saghas duine é Tuire?

4. Cad a tharla i bhFothalamh le ceithre mhí anuas?

5. Scríobh síos na deacrachtaí a bhí ann mar gheall ar an gcrith talún.

6. Cén áit a chaithfidh siad dul?

7. Déan cur síos ar an halla ina raibh an cruinniú.

8. Tarraing pictiúr de Thuire.

9. Déan cur síos i d'fhocail féin ar an gcúis a thug Tuire leis na tubaistí.

10. Cén chruacheist a bhí ag na daoine sa halla?

## Scríbhneoireacht

Is bean/fear feasa thú. Scríobh cuntas faoi do shaol nuair a bheidh tú tríocha bliain d'aois.

## Taighde

Déan taighde ar chrith talún agus ar an éifeacht a bhí aige ar an talamh agus ar na daoine a bhí ina gcónaí i ngar dó.

## Staidéar ar fhocail

**A.** **Foghlaim conas na focail seo a litriú, agus cuir in abairtí iad.**

1. ganntanas ____________________
2. an-bhuartha ____________________
3. go deimhin ____________________
4. caithfimid ____________________
5. thaistil ____________________
6. thuig ____________________
7. tharraing ____________________
8. baineadh ____________________
9. bheannaigh ____________________
10. mhothaigh ____________________

**B.** **Cuardaigh na focail seo a leanas san fhoclóir agus scríobh brí na bhfocal:**

Comhairleoir:

---

Scailp:

---

Eagna:

---

**C.** **Cé mhéad focal beag is féidir leat a aimsiú sna focail seo?**

Cruacheist

---

Daoine

---

Isteach

---

## Stór Focal

Scríobh litir mholta nó cháinte chuig údar an leabhair chun do chuid tuairimí a nochtadh. B'fhéidir go gcabhródh an tasc seo leat sula dtéann tú i mbun pinn.

| Gnéithe a thaitin liom | Gnéithe nár thaitin liom |
|---|---|
| Na focail / an stór focal: | Na focail / an stór focal: |
| Na mothúcháin: | Na mothúcháin: |
| An t-ionchas: | An t-ionchas: |
| Na carachtair: | Na carachtair: |
| An suíomh: | An suíomh: |
| An ré: | An ré: |
| An cur síos: | An cur síos: |

## Ealaín

Tarraing pictiúr de halla mór an Rí i bhFothalamh? Cuir na carachtair sna háiteanna cearta.



Ar ais go dtí an Clár

# AN COMHRAC

## Triail Tuisceana

1. Cén fhadhb a bhí leis an tearmann faoi thalamh don dá chine?

2. Cén fáth nach ndeachaigh ach cine amháin a chónaí faoi thalamh?

3. Cé a bhí roghnaithe ag Cine Shiabhra chun troid ar a son?

4. Cé a bhi roghnaithe ag Cine Riada chun troid ar a son?

5. Cár tharla an comhrac?

6. Cár sheas Soirche Shiabhra agus Dairbhre Riada?

7. Cé a bhuaigh an comhrac?

8. Cá raibh Lios na Sciath?

9. Cé mhéad draoi a bhí i láthair i Lios na Sciath?

10. Cad is ainm don chathair faoi thalamh?

## Plé

Inis an scéal faoi na hoighearshruthanna do do pháirtí.

Bí cinnte go luann tú: An dá chine a bhí ann, an treo ina raibh siad ag teitheadh, an áit a raibh an tearmann, an saghas báid a bhí acu.

### Aimsigh an t-eolas ...

1. Cé atá ar Ardchomhairle Chumann Lúthchleas Gael?

2. Déan taighde ar an Oighearaois agus scríobh cuntas faoi.

## Tarraing pictiúr

Tarraing pictiúr de Shoirche Shiabhra agus Dairbhre Riada agus a lucht tionlacain sular thosaigh siad ag troid.

## Gníomhaíochtaí ranga

**A. Cum sceitse**

Cum sceitse bunaithe ar an gcruinniú a bhí ag Tuire leis an slua.

## Gníomhaíochtaí ranga

**A. Ceistiúchán**

Roghnaigh naonúr as an rang. Pioc duine acu chun ról Shoirche a ghlacadh. Bíodh an t-ochtar eile ina seasamh, ceathrar os comhair ceathrair. Siúlfaidh 'Soirche' síos sa bhearna eatarthu. Cuirfidh sé an cheist chéanna ar gach páiste duine ar dhuine: 'An ndearna mé an rud ceart?'

Freagróidh an ceathrar ar thaobh na láimhe clé le freagraí dearfacha agus míniú ag dul leis na freagraí. Freagróidh an ceathrar ar thaobh na láimhe deise le freagraí diúltacha agus míniú ag dul leis na freagraí sin freisin.

**B. An Chathaoir The**

Roghnaigh dalta chun ról Shoirche a ghlacadh. Cuirfidh na daltaí eile sa ghrúpa ceisteanna uirthi agus freagróidh sí. D'fhéadfadh na páistí na ceisteanna a scríobh síos roimh ré agus na freagraí a bhreacadh.

Cine Shiabhra

# AN TÉ A BHÍ ROGHNAITHE

## Triail Tuisceana

1. Cé mhéad uair atá sé ceadaithe snaidhm na hortha a dhéanamh?

2. Cén fáth a raibh ciúnas i Halla an Tionóil?

3. Cé air a raibh gach duine ag brath?

4. Cad a bhí ar eolas ag na daoine a thóg an chathair?

5. Cén t-eolas a bhí sa leabhar a thóg Tuire in airde?

6. Cén fáth ar thóg Tuire an leabhar in airde?

7. Cén dath a bhí ar an leabhar a thóg sé in airde?

8. An raibh an leabhar trom nó éadrom?

9. Cé acu leathchúpla is sine dar leat?

10. Cé na treoracha a bhí sa leabhar faoi fhilleadh ar an dromchla?

## Stór Focal

**A. Úsáid na focail thíos chun na habairtí a chríochnú.**

Thit, corraithe, imní, ortha, folamh, lom, snaidhm,
ar bís, loic, dromchla, filleadh, searradh

1. Bhain Daidí (__________) as a ghualllí nuair a chuala sé an nuacht.
2. (__________) ciúnas sa seomra nuair a chuala siad an drochscéal.
3. Tá (______________) an bhoird níos mó ná mar a cheap mé.
4. Bhí sé (__________) agus bhí (__________) air nuair a chonaic sé an nuacht ar an teilifís.
5. Bím (_______________) nuair a bhíonn mo bhreithlá ann.
6. Rinne an t-aingeal (_____________) agus tháinig biseach ar an othar.
7. Déanaim (_________________) le hiallacha mo bhróg gach lá.
8. Níor (__________) an cúl báire ar an bhfoireann riamh.
9. 'Caithfidh tú (_______________) ar an scoil,' arsa Mamaí.
10. Níl aon troscán sa seomra. Tá sé (_____________).
11. Níl aon duilleoga ar an gcrann. Tá sé (___________).

**B. Dialann**

Scríobh dialann den lá sin agus faoinar tharla ag an gcruinniú.

**C. Abairtí**

Cuir na nathanna seo a leanas in abairtí chun a mbrí a léiriú.

Bhain mé searradh as mo ghuaillí nuair ...

lom láithreach

cruachás

ceachtar

achrannach

corraithe

## Gramadach

**A.** Aimsigh 8 mbriathar sa chaibidil seo atá scríofa san aimsir chaite.

**1.** ____________ **2.** ____________ **3.** ____________ **4.** ____________

**5.** ____________ **6.** ____________ **7.** ____________ **8.** ____________

**B.** Líon na bearnaí sna habairtí seo thíos.

**Sampla:** *Níor rith sé le ceachtar acu riamh, áfach, gur ar dhuine den bheirt acu a thitfeadh sé an dualgas achrannach seo a chomhlíonadh ar son Chine Shiabhra.*

1. Níor rith sé le ceachtar acu an obair bhaile ______________ (déan).
2. Níor rith sé le ceachtar acu na gréithe ____________________(nigh).
3. Níor rith sé le ceachtar acu bia ____________do na madraí (tabhair).
4. Níor rith sé le ceachtar acu an bord _____________________(réitigh).

**C.** Seas suas / suigh síos / ith do lón / croch suas do chóta






Úsáideann do mhúinteoir agus do chaomhnóir/thuismitheoir an modh ordaitheach go minic! An féidir leat cur leis an liosta, le horduithe/treoracha a chloiseann tú gach lá. Scríobh anseo thíos iad:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**D.** Athraigh na briathra seo ón Aimsir Chaite go dtí an Modh Ordaitheach.

| An Aimsir Chaite | An Modh Ordaitheach |
|---|---|
| Bhain | |
| Chas | |
| Bhí | |
| D'ól | |
| D'fhreagair | |
| Rinne | |
| Thóg | |
| Ghlan | |

## Ealaín

Tarraing pictiúr de chlúdach an leabhair *Annála Shiabhra*.

Cine Shiabhra

# CÉ ACU IS SINE?

## Triail Tuisceana

**1.** Ainmnigh an cúpla.

______________________________

**2.** Cé acu is sine dar leis an slua?

______________________________

**3.** Cén fáth a raibh na daoine den tuairim go raibh Damhnóg níos sine ná Saileog?

a. ______________________________

b. ______________________________

c. ______________________________

d. ______________________________

**4.** Ar cheap Saileog go raibh sí níos sine ná Damhnóg?

______________________________

**5.** Céard a tharla do Shaileog nuair a dúirt Tuire gurbh í an leathchúpla ba shine í?

______________________________

**6.** An raibh ionadh ar an slua nuair a chuala siad gurbh í Saileog an leathchúpla ba shine?

______________________________

**7.** Cén fáth a raibh Tuire cinnte dearfa gurbh í Saileog ba shine?

______________________________

**8.** Céard a tharla don spéir nuair a rugadh Saileog?

______________________________

**9.** An raibh muinín ag an slua as a raibh scríofa in Annála Shiabhra?

______________________________________________

**10.** Cén socrú a rinneadh sa deireadh chun an slua a shásamh?

______________________________________________

**Scríobh ríomhphost chuig Saileog ag insint di go bhfuil iontaoibh agat aisti.**

Dáta:

A Shaileog, a chara,

## Gramadach

**A.** Scríobh na briathra seo san aimsir fháistineach (amárach).

| **Aimsir chaite** | **Aimsir Fháistineach** |
|---|---|
| D'iompaigh | ______________ |
| D'aontaigh | ______________ |
| D'athraigh | ______________ |

Anois, cuir in abairtí iad.

**1.** ______________________________________________

**2.** ______________________________________________

**3.** ______________________________________________

## Stór Focal

**A.** Léigh na habairtí thíos agus líon na bearnaí leis na focail atá sa liosta:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| asat | asainn | as | astu | asam | aisti | asaibh |

1. Bhain mo dheartháir miotóg ____________________.
2. Bhain an múinteoir geit ______________________ nuair a phléasc sí an balún.
3. 'A Thomáis, ar bhain an t-imreoir sin tuisle ________________?'
4. Níl aon mhuinín agam __________ an robálaí sin.
5. Bhí na rinceoirí go hiontach. Bhain mé an-taitneamh ______________.
6. Bhí Ciara sa ghairdín agus bhain an madra greim ________________.
7. 'Nuair a chuirim ceist oraibh ní bhíonn gíog ná míog ___________________.'

## Céimeanna Comparáide

Úsáidtear na focail thíos agus cur síos á dhéanamh. Líon an greille seo a leanas leis na focail chearta.

| beag | níos mó | is mó |
|---|---|---|
| | níos airde | |
| | níos sciobtha | |
| | níos cliste | |
| | níos sine | |
| | níos fearr | |

**B.** *Bhí an slua ag éirí míshuaimhneach.*

Cén t-athrú a thagann ar an bhfocal suaimhneach nuair a chuirtear *mí-* roimhe? Tugtar réimír ar *mí-* sa chás seo. An féidir leat smaoineamh ar aon fhocail eile a bhfuil an réimír 'mí-' iontu?

Cuir na haidiachtaí seo san fhoirm diúltach agus tú ag freagairt na gceisteanna:

**An raibh an múinteoir sásta le do chuid oibre?**

Bhí an muinteoir mí____________ le mo chuid oibre.

**An bhfuil leaba chompordach agat?**

Tá ________________________________________

**An mbíonn an múinteoir foighneach i gcónaí?**

Bíon ________________________________________

**An raibh cuma shlachtmhar ar do sheomra leapa?**

Bhí ________________________________________

# NA TRÍ BHREITHEAMH

## Triail Tuisceana

1. Ainmnigh na trí bhreitheamh.
   - ______________________
   - ______________________
   - ______________________

2. Déan cur síos ar an áit ina raibh na trí bhreitheamh ina suí.

3. Tarraing pictiúr de na breithiúna.

4. Cén bua a bhí ag gach duine de na breithiúna?

5. Cad a tharlódh don bhreitheamh Seán Mac Áigh mura dtabharfadh sé breithiúnas cóir?

6. Cad a tharlódh don bhreitheamh Fachtna Mac Cúil Chlaoin mura dtabharfadh sé breithiúnas cóir?

7. Cad a tharlódh don bhreitheamh Morann Mac Maoin mura dtabharfadh sé breithiúnas cóir?

8. Cad a dúirt an breitheamh Seán Mac Áigh nuair a d'iompaigh sé i dtreo an tslua?

9. Cé acu breitheamh ba cháiliúla díobh?

10. Cén t-athrú a tháinig ar an Iodh timpeall mhuineál Mhorainn nuair a deimhníodh an fhírinne?

## Drámaíocht

Cum **dráma ranga** bunaithe ar ar tharla sa halla leis na trí bhreitheamh. Bí cinnte go n-úsáideann tú focail agus frásaí mar atá sa leabhar.

## Abairtí

Cuir na focail seo thíos in abairtí:

Deimhním: ______

Drámatúil: ______

D'fhreagair: ______

Dhrithligh ______

Deacair ______

Dromchla ______

## Scríbhneoireacht

Scríobh alt faoi chailín nó buachaill cineálta a bhfuil aithne agat air nó uirthi. Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé / sí cineálta?



Ar ais go dtí an Clár

# AR TÍ IMEACHT

## Triail Tuisceana

1. Meas tú an raibh Saileog sásta go raibh uirthi dul go dtí dromchla an domhain?

2. Ar cheap Saileog go mbeadh Damhnóg níos fearr ná í?

3. Cad a dheimhnigh na breithiúna do Shaileog?

4. Scríobh síos an dá rud a thug Tuire do Shaileog a chabhródh léi ar an turas.

5. Cén draíocht a bhain le cré Fhothalaimh?

6. Cé mhéad lá a bhí ag Saileog chun áit chónaithe ar an dromchla a aimsiú?

7. Scríobh síos na focail a insíonn dúinn go raibh Tuire trína chéile nuair a d'fhág sé slán le Saileog.

8. Cá raibh an phluais mhór dhubh?

9. An raibh siad cinnte go raibh an oighearaois thart?

10. Cén mothúchán a bhí ag Saileog agus í ag dreapadh an staighre go dtí dromchla an domhain?

## Ríomhphost

Is tusa Saileog. Scríobh ríomhphost chuig Síon ag insint di nach bhfuil tú sásta gur roghnaíodh thú chun áit chónaithe a aimsiú do Chine Shiabhra.

Seol

Chuig:

Ábhar:Fothalamh

Dáta:

A Shíon, a chara,

Is mise,

Saileog

## Stór Focal

**A.** Líon na bearnaí sna habairtí seo thíos.

Cabhróidh na focail seo leat.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **uirthise** | **bhfeicfeadh** | **shín** | **oscailt** | **fhada** | **le** |
| **shúile** | **féin** | **Tuire** | **hamhrasach** | **cine** | **dromchla** |

Chas _________ar a sháil á fágáil ag bun an staighre _________ lúbaigh. Bhí a raibh _____ rá aige ráite. Agus ní raibh sé ag iarraidh go ___________ Saileog na deora ina _________.

Bhí Saileog léi ________ anois agus cinniúint a ________ ag brath _________. Stán sí go ________________ ar an staighre fada cloiche a ___________ an bealach ar fad suas go dtí an ___________ - an oscailt go dtí Lios na Sciath agus _________ an domhain.

**B.** Meaitseáil na focail/nathanna a bhfuil an bhrí chéanna leo.

| | |
|---|---|
| áit chónaithe | léi féin |
| ina haonar | bhailigh |
| slabhra | teach |
| cúnamh | muince |
| chruinnigh | cabhair |
| slán leat | mo bheannacht leat |



**C.** **Abairtí**

Cuir na nathanna seo a leanas in abairtí chun a mbrí a léiriú:

mo dhícheall

---

---

Chas sé ar a sháil nuair ...

---

---

go hamhrasach

---

---

ní fada go ...

---

---

go ceanúil

---

---

déanaim amach ...

---

---

# Cuardach Focal

Aimsigh na focail seo thíos sa chuardach focal.

muince dromchla siombail siogairlín bealach
deirfiúr misneach barróg greim sliocht

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| l | b | e | a | l | a | c | h | é | o | l | m |
| i | m | é | r | t | h | c | o | i | l | s | u |
| a | c | ó | i | l | s | é | p | í | u | n | i |
| b | o | s | i | o | g | a | i | r | l | í | n |
| m | i | s | n | e | a | c | h | i | r | o | c |
| o | l | d | e | i | r | f | i | ú | r | s | e |
| i | s | b | a | r | r | ó | g | r | e | i | m |
| s | é | a | s | a | l | h | c | m | o | r | d |

## Taighde

*'Mo bheannacht leat, a Shaileog de shliocht Shíne. Go n-éirí leat.'*

Ghuigh Tuire gach rath ar Shaileog. Déan taighde agus faigh beannachtaí agus maslaí eile. Ceistigh do thuismitheoirí/sheantuismitheoirí chun beannachtaí agus maslaí ó do cheantar féin a fháil.

## Beannachtaí

1. 
2. 
3. 
4. 

## Maslaí

1. 
2. 
3. 
4. 

## Gramadach

**A.** Scríobh an t-alt seo san aimsir fháistineach (amárach).

*Ní fada go bhfaca sé an taibhse sa seomra dorcha. Léim an taibhse air. Threoraigh a chara amach as an seomra é agus chabhraigh sé leis. Neartaigh sé é agus shábháil sé é. Mhair siad go sona sásta as sin amach.*

**B.** Déan liosta de na haidiachtaí a luaitear sa chaibidil seo chun cur síos a dhéanamh ar Shaileog. An féidir leat cur leis an liosta?

# AN DROMCHLA

## Triail Tuisceana

1. An raibh an staighre díreach?

2. Cad a bhí ag barr an staighre?

3. Cén focal a insíonn dúinn go raibh gach rud an-chiúin ar an staighre?

4. An mbeadh bealach ar ais ag Saileog ó dhromchla an domhain?

5. Cén saghas síleála a bhí ar Fhothalamh?

6. Cé a chruthaigh an tsíleáil?

7. Cé mhéad bliain a bhí ann ó sheas duine de Chine Shiabhra ar dhromchla an domhain?

8. Mínigh an boladh a fuair Saileog ar dhromchla an domhain.

9. An raibh an oighearaois thart?

10. Cén mothúchán a bhí ag Saileog nuair a shroich sí an dromchla?

## Stór Focal

Cuir na nathanna seo in abairtí chun a mbrí a léiriú.

Ba bheag nár ...

I bpreabadh na súl

Faoi sholas na gealaí ...

ar an toirt

Stán sí le hiontas ar ...

an ceantar máguaird

## Litir

Is tusa Saileog. Scríobh litir chuig Tuire faoi do thuras chuig dromchla an domhain agus a bhfuil le feiceáil ar dhromchla an domhain.

Dromchla an Domhain

Dáta:

A Thuire, a chara,

Is mise,

Saileog

## Gramadach

**A.** Aimsigh 6 bhriathar ón gcaibidil seo atá scríofa san aimsir chaite (inné) agus cuir in abairtí iad.

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

**3.** ______________________________

**4.** ______________________________

**5.** ______________________________

**6.** ______________________________

**B.** Seo iad na réamhfhocail shimplí:

**Ag**; **ar**; **i**; **as**; **roimh**; **faoi**; **thar**; **le**; **ó; chuig**; **trí**; **go**; **de**; **do**; **um**; **gan**; **idir**

Samplaí: ***as an oighearaois / deis do Chine Shiabhra / faoin mbord / sa chófra / ar an gcathaoir /***

Tá réamhfhocail le feiceáil go minic sa chaibidil seo. Déan liosta díobh thíos. Cad é an riail? Pléigh mar ghrúpa ranga na hathruithe a thagann ar na hainmfhocail a leanann réamhfhocail. Scríobh an t-athrú sa dara colún.

| An Réamhfhocal | An tAthrú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Ealaín

Tarraing pictiúr de Shaileog nuair a shroich sí dromchla an Domhain.



Ar ais go dtí an Clár

# SEÁN RUA

## Triail Tuisceana

1. Cad a dhúisigh Saileog?

2. Cén fáth a raibh iontas ar an iora rua?

3. Cén fáth a raibh Saileog in ann labhairt leis na hainmhithe?

4. Cen t-ainm a bhí ar an iora rua?

5. Cad a dúirt Seán Rua le Saileog nuair a d'inis sí dó faoi Fhothalamh?

6. Cén fáth a raibh Saileog sásta ligean do Sheán Rua dul in éineacht léi?

7. Cén fáth a raibh an tseandraíocht ag dul i léig?

8. Déan cur síos i d'fhocail féin ar a bhfaca Saileog sna páirceanna.

9. Cé na ceisteanna a chuir Saileog uirthi féin nuair a chonaic sí an baile beag?

10. Cén smaoineamh a bhuail Saileog faoi Dhamhnóg?

**Is tusa Seán Rua. Scríobh cuntas ar do shaol go dtí gur dhúisigh tú Saileog.**

Ainm: ______________________

Dáta Breithe: ______________________

Seoladh: ______________________

Baill teaghlaigh: ______________________

______________________

Caitheamh Aimsire:

______________________

Achoimre ar mo shaol

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**A.** Féach ar léarscáil na hÉireann. Aimsigh ar a laghad trí áit in Éirinn a bhfuil **Lios** san ainm acu. Scríobh síos an bhrí a bhaineann leo.

**1.** Ainm: ______________________

Brí: ______________________

**2.** Ainm: ______________________

Brí: ______________________

**3.** Ainm: ______________________

Brí: ______________________

## Seanfhocal

***Ní bhíonn in aon ní ach seal.***

Cad is brí leis an seanfhocal sin? Tabhair sampla agus tarraing pictiúr chun an bhrí a léiriú.

______________________

Ainmnigh 3 ainmhí a mbíonn clúmh orthu.

**1.** ______________________

**2.** ______________________

**3.** ______________________

# NA DAOINE

## Triail Tuisceana

1. Cár shiúil Saileog go misniúil?

2. Cad ba léir do Shaileog ón aer ar an dromchla?

3. Meas tú cén fáth nach raibh Seán Rua róshásta a bheith ag rith sna páirceanna?

4. Cén scéal a bhí ag Seán Rua do na hioraí eile?

5. Cén fáth ar chuir na daoine ar an dromchla iontas ar Shaileog?

6. Mínigh cé chomh mór is a bhí na daoine a bhí ar an dromchla.

7. Cad a rinne Saileog chun mearbhall a chur ar an bhfear tógála?

8. Cad a thug Seán Rua faoi deara faoin siogairlín?

9. Cad a bhí i gceist ag Saileog nuair a dúirt sí gur saghas compáis a bhí sa siogairlín?

10. Cén bóthar a thóg Saileog agus Seán Rua?

## Stór Focal

**A.** Líon na bearnaí. Cabhróidh na focail seo thíos leat.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **sracfhéachaint** | **duine** | **dtreo** | **sé** | **bharr** | **go** | **cloch** |
| **raibh** | **na** | **eile** | **chruálach** | **siad** | | |

Mar __________ ar an donas fuair _________ de _____ fir tógála, a ________ hata mór buí ar a cheann, __________________ ar Sheán Rua agus _____ tobann chaith sé cloch leis, _________ a bhuail Seán Rua sa ghualainn gur lig _______ béic as. Ba _________________ an rud é. Thosaigh an fear ag siúl i _________ na sceach ina raibh _________ i bhfolach agus cloch __________ ina lámh aige!

**B.** Aimsigh **trí bhriathar** agus **trí ainmfhocal** a bhfuil 'ch' iontu sa chaibidil agus scríobh anseo iad.

| **Ainmfhocal** | **Briathar** |
|---|---|
| **1.** _________________ | ___________________ |
| **2.** _________________ | ___________________ |
| **3.** _________________ | ___________________ |

**C.** **Abairtí**

Anois cuir na briathra agus na hainmfhocail thuas in abairtí.

**1.** ______________________________________________________

**2.** ______________________________________________________

**3.** ______________________________________________________

**4.** ______________________________________________________

**5.** ______________________________________________________

**6.** ______________________________________________________

**D. Liosta**

Déan liosta de na difríochtaí idir Fothalamh agus an Dromchla.

| Fothalamh | An Dromchla |
|---|---|
| 1. ______________________________ | 1. ______________________________ |
| 2. ______________________________ | 2. ______________________________ |
| 3. ______________________________ | 3. ______________________________ |
| 4. ______________________________ | 4. ______________________________ |
| 5. ______________________________ | 5. ______________________________ |
| 6. ______________________________ | 6. ______________________________ |

# AN SIOGAIRLÍN

## Triail Tuisceana

1. Meas tú an raibh eagla ar Shaileog agus ar Sheán Rua roimh Chine Riada? Tabhair fáth le do fhreagra.

2. An raibh Seán Rua sásta a bheith i gcomhluadar Shaileoige?

3. Cad a rinne siad nuair a shroich siad an aill?

4. Cár threoraigh solas an tsiogairlín iad ón aill?

5. Cén fáth a raibh codladh Shaileoige corrach go maith an oíche sin, an dóigh leat?

6. Cén fhadhb a bhí ag Saileog anois?

7. Nuair a chonaic Saileog na deilfeanna cén smaoineamh a bhuail í?

8. Cad a mhínigh Seán Rua do Shaileog faoi na deilfeanna?

9. Ar éist Saileog le Seán Rua nuair a d'inis sé di faoi na deilfeanna?

10. Meas tú an raibh Saileog cinnte go dtabharfadh na deilfeanna síob dóibh?

## Taighde

**Léarscáil agus an tIdirlíon**

Féach ar léarscáil na hÉireann agus aimsigh 3 bhaile ar an gcósta. Scríobh síos ainmneacha na mbailte sin. Anois, cuardaigh íomhánna de na bailte sin ar an idirlíon agus déan cur síos gearr orthu.

1. ______
2. ______
3. ______

## Ealaín

Tarraing pictiúr de Shaileog agus í ina seasamh ar imeall na farraige ag féachaint amach i dtreo fhíor na spéire.

## Gramadach

Aimsigh 5 bhriathar san aimsir chaite a chríochnaíonn in '-aigh'
Scríobh in abairtí anseo thíos iad. Cuir líne faoi na briathra.

1. ______
2. ______
3. ______
4. ______
5. ______


Ar ais go dtí an Clár

# NA DEILFEANNA

## Triail Tuisceana

1. Cén draíocht a rinne an mám de chré Fhothalaimh?

2. Cad a cheap Seán Rua den draíocht?

3. Scríobh síos an comhrá a rinne Saileog leis na deilfeanna.

4. Cén fáth a raibh ionadh ar na deilfeanna nuair a chuala siad Saileog ag caint?

5. Cén fáth a raibh na deilfeanna sásta cabhrú le Saileog?

6. Cén t-ainm a bhí ar an deilf ba shine?

7. Cén t-ainm a bhí ag na deilfeanna ar Shaileog?

8. Nuair a tháinig Finn suas go dtí Saileog cad a dúirt sé léi?

9. An raibh Saileog sásta leis an ainm a thug na deilfeanna uirthi?

10. Cén margadh a rinne na deilfeanna le Saileog?

## Ealaín

Tarraing pictiúr de Shaileog agus Seán um thráthnóna agus iad i bhfoscadh na haille cois tine.

**An gheallúint**

Scríobh síos an gheallúint a thug Saileog do na deilfeanna.

**Abairtí**

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí chun a mbrí a léiriú.

ag déanamh ar ...

ardú meanman

imithe i léig

ceannann céanna

gar

amhail

**Dialann**

Is deilf thú. Scríobh do dhialann faoi eachtraí an lae inniu.




## Taighde

**A.** Faigh amach faoi ainmhithe a ndéantar seilg orthu, na tíortha ina mbíonn siad, an fáth a ndéantar seilg orthu agus má tá daoine sásta leis sin.

**B.** Aimsigh agus scríobh **dhá chineál** de gach saghas ainmhí thíos.

Éisc: ____________________ ____________________

Éin: ____________________ ____________________

Mamaigh: ____________________ ____________________

Reiptílí: ____________________ ____________________

Feithidí: ____________________ ____________________

**C.** Agus sibh ag obair i ngrúpaí déanaigí taighde ar dheilfeanna agus déanaigí tionscadal fúthu. Smaoinigí ar na rudaí seo agus sibh i mbun taighde:

*A n-áit chónaithe / an bia a itheann siad / an líon speiceas atá ann / pearsantacht deilfeanna agus a gcairdeas le daoine / naimhde / deilf cháiliúil / íomhánna a bhailiú*

# TURAS FARRAIGE

## Triail Tuisceana

1. Cad ab ainm don deilf ar thaistil Saileog ar a dhroim?
2. An raibh Seán Rua ag iarraidh taisteal ar an bhfarraige?
3. Cad ab ainm don deilf a thug síob do Sheán Rua?
4. Scríobh síos an nath a insíonn dúinn faoi luas snámha na ndeilfeanna.
5. Conas mar a mhothaigh Seán Rua agus é ar dhroim Fhiara?
6. Cé na hainmneacha a bhí ar an dá dheilf a tháinig suas leo? Cén gaol a bhí acu le Fionn agus Fiara?
7. Cén bua a bhí ag Saileog nach raibh ag Damhnóg agus a chabhraigh go mór léi?
8. Cén tuisle a baineadh as Seán Rua ar an sliabh?
9. Cé chomh fada a thóg sé orthu an sliabh a dhreapadh, an dóigh leat?
10. Cén bia a d'ith Saileog agus Seán Rua an lá sin?

## Cumadóireacht

Cum an ortha leighis a dúirt Saileog chun biseach a chur ar Sheán Rua.

**Scríobh scéal a thosaíonn mar seo:**

Bhí eagla an domhain orm ...

## Abairtí

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí chun an bhrí a léiriú.

choíche

Ní thógaim ort é!

Greim an fhir bháite

Ba leasc le ...

Slán sábháilte

Deir sí nár mhiste léi ...

## Gramadach

Roghnaigh focail as an gcaibidil seo a bhfuil an litir ‘s’ iontu. Scríobh na focail sa cholún ceart thíos.

| **S leathan**<br>**‘a, o, u’** | **S caol**<br>**‘i, e’** | **S séimhithe**<br>**‘h’** |
|---|---|---|
| suas | uisce | shnámh |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

# AN TÍR I GCÉIN

## Triail Tuisceana

1. Cén t-ainm a thugtar ar ghrúpa deilfeanna?
2. Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar Sheán Rua nuair a shroich siad an cladach.
3. Cén bua nach raibh ag Damhnóg, dar le Saileog?
4. Cén fáth nach mbeadh Seán Rua go maith mar mhairnéalach?
5. Cén tuisle a baineadh as Seán Rua?
6. Cad a tharlaíonn d'ainmhithe a mbaineann timpistí dóibh mar a bhain do Sheán Rua?
7. Cén dara rogha a bhí ag Saileog?
8. Cad a tharla do Sheán Rua nuair a chuimil Saileog an chré dá chos?
9. Cár chodail Saileog agus Seán Rua an oíche sin?
10. Cén dinnéar a bhí acu an oíche sin?

## Abairtí

Léigh na briathra seo a leanas. Roghnaigh 10 gcinn agus cuir in abairtí iad.

D'fhág, D'fhan, D'éirigh, D'fhéadfadh, D'fhiafraigh, D'fhéach, D'fhás, D'iompaigh, D'aimsigh, D'fhreagair, D'fhógair, D'at

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________
6. ______________________________
7. ______________________________
8. ______________________________
9. ______________________________
10. ______________________________

## Labhair le do pháirtí

Labhair le do phairtí faoi uair éigin a baineadh tuisle asat, nó faoi uair éigin a baineadh geit asat.

# AN CHATHAIR CHAILLTE

## Triail Tuisceana

1. Cad a dhúisigh Saileog?
2. Cad a chonaic sí ar thaobh an tsléíbhe?
3. Déan cur síos ar an turas ón mbearna bheag go dtí an seanbhaile/an tseanchathair.
4. Cár shiúil Saileog nuair a shroich sí an seanbhaile?
5. Déan cur síos ar halla tionóil an Rí.
6. Bhí seanáit a sinsear aimsithe ag Saileog, ach cén fáth a raibh díomá uirthi?
7. Cad a dhúisigh Saileog?
8. Cad a chonaic sí ar thaobh an tsléíbhe?
9. Déan cur síos ar an turas ón mbearna bheag go dtí an tseanchathair.
10. Déan cur síos ar halla tionóil an Rí.

## Abairtí

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí chun a mbrí a léiriú.

de gheit

d'aon ghnó

bealach rúnda

Baineadh siar as ...

Ba dhóbair do ...

Fágadh ina staic é nuair ...

# AN EOCHAIR

## Triail Tuisceana

1. Nuair a ghlaoigh Saileog ar Sheán Rua cá raibh sé?
2. Cén rud is mó a chuireann isteach ar iora rua?
3. Déan cur síos ar a bhfaca Saileog sa scáthán ornáideach.
4. Cad a tharla don scáthán nuair a chuir Saileog an siogairlín isteach sa fhráma?
5. Ainmnigh na háiteanna éagsúla a bhí salach.
6. Cén smaoineamh a bhuail Saileog go tobann?
7. Scríobh síos an dá rud a rinne Saileog a scrúdú.
8. Cén chuid den fhráma a bhí briste?
9. Cén fáth ar las dóchas úr ina croí?
10. Cad a bhí mícheart leis an bhfráma ina raibh an scáthán?

## Abairtí

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí chun a mbrí a léiriú:

tásc ná tuairisc

greim ite

i dtaisce

rith sé le ...

in ísle brí

na cianta ó shin

## Dialann

Is páiste thú a rugadh agus a tógadh i bhFothalamh. Scríobh cuntas i do dhialann faoi do mhothúcháin agus tú ag imeacht.

**MO DHIALANN**

Luan - 30 Meitheamh

# AN SCÁTHÁN DRAÍOCHTA

## Triail Tuisceana

1. Cad a chonaic Saileog sa scáthán nuair a ghlan sé?
2. An raibh iontas uirthi?
3. Cén fáth, dar leat, a raibh cosc ar Thuire an t-eolas a bhí sna hannála a roinnt le Saileog?
4. Scríobh i d'fhocail féin an scéal a thug Saileog do Thuire faoin turas a bheadh le déanamh ag Cine Shiabhra chun teacht fad leis an dromchla.
5. Cén bealach a bheadh ag Cine Shiabhra go dtí an dromchla?
6. Conas ab fhéidir leo a mbealach a dhéanamh go dtí an dromchla sula mbeadh an tseandraíocht imithe i léig?
7. Cén fáth a raibh ar Shaileog an turas fada a dhéanamh, dar le Tuire?
8. Mínigh conas mar a tháinig Cine Shiabhra go dtí an dromchla.
9. Cad a tharla an oíche sin i halla tionóil an Rí?
10. Cén fáth a raibh Saileog an-chrosta le Tuire?

## Abairtí

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí chun an bhrí a léiriú.

Ar a chlos seo do/di ...

bhí cosc air/uirthi ...

Níl le déanamh ach ..:

______________________________

______________________________

raiméis

______________________________

______________________________

Ba mhór an t-ionadh ...

______________________________

______________________________

Ba mhór an ...

______________________________

______________________________

# Seanfhocail

***Giorraíonn beirt bóthar.***
***Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.***
***Níl aon tinteán mar do thinteán féin.***
***An té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith glic.***

Cé acu seanfhocal is oiriúnaí don scéal seo? Cén fáth?

# LÉIRMHEAS LEABHAIR

## Cine Shiabhra

Teideal : ______________________________

Údar : ______________________________

Foilsitheoir : ______________________________

Achoimre ar an bplota: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Na príomhcharachtair sa scéal : ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Mo thuairim den leabhar : ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

## Inis dom...

Cén carachtar sa scéal is mó a thaitníonn leat? Ar mhaith leat a bheith cosúil le carachtar ar bith?

Ba mhaith liom a bheith ar nós........................sa scéal mar...............

## Tarraing pictiúr

| Tarraing an príomhcharachtar | Tarraing an suíomh is fearr leat |
|---|---|
| | |
| **Tarraing an áit is fearr leat** | **Tarraing an dara carachtar is fearr leat** |
| | |
| **Léirigh an focal is fearr leat** | **Léirigh an frása is fearr leat** |
| | |

An Gúm